Baineann tábhacht le heolas

RTB Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

# Maoin a fháil ar cíos ar an gcoláiste: treoir do mhic léinn



Bain úsáid as an treoir seo chun eolas a chur ar do chearta agus do fhreagrachtaí chun go mbeidh sé chomh héasca agus is féidir duit maoin a fháil ar cíos agus tú ar an gcoláiste.

## 1. Cad is an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe ann?

Is é is an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe ann ná comhlacht poiblí neamhspleách a rialálann earnáil cíosa na hÉireann agus a oibríonn chun córas cíosa cothrom a chinntiú do gach duine trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tionóntaí agus tiarnaí talún a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí.
- A chinntiú go gcláróidh tiarnaí talún tionóntachtaí agus go gcloífidh siad leis an dlí cíosa.
- Cabhrú le díospóid tionóntachta a réiteach.
- Sonraí iontaofa a sholáthar chun an beartas cíosa a mhúnlú.

## 2. Sula dtosaíonn tú: bíodh eolas agat ar na cineálacha tionóntachtaí

**Cóiríocht atá sonrach do mhic léinn:** tithíocht a úsáidtear chun cóiríocht a sholáthar do mhic léinn le linn an téarma acadúil agus chun na críche sin amháin. Áirítear leo sin cóiríocht atá sonrach do mhic léinn a soláthraíonn coláistí, ollscoileanna agus cuideachtaí príobháideacha í.

Is faoi shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe atá tionóntachtaí agus ceadúnais i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn. I gcás cóiríocht do mhic léinn atá suite ar champas agus a bhfuil saoráidí comhroinnte aici, ní mór gach ceadúnas aonair a chlárú.

**Tionóntacht chónaithe phríobháideach:** is comhaontú nó léas é sin idir tiarna talún (ar féidir leis a bheith ina dhuine aonair, ina chuideachta, nó ina iontaobhaí) agus tionónta. Íocann an tionónta cíos mar chúiteamh ar an gceart chun cónaí sa mhaoin.

**Cóiríocht do mhic léinn atá de stíl 'Lóistín' nó Seomra ar Cíos:** is é atá i gceist léi sin seomra i dteach do thiarna talún a ligean ar cíos. Gairtear comhaontú ceadúnais de sin agus tá sé lasmuigh de shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Fágann sé sin nach gá iad a chlárú agus nach bhfuil siad cumhdaithe ag an tseirbhís um réiteach díospóidí atá i bhfeidhm ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

**Ligin ghearrthéarmacha:** tá siad sin lasmuigh de shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe freisin.

Tabhair do d'aire, áfach, nach ionann an fhíric go ngairtear comhaontú ceadúnais de ní gur comhaontú ceadúnais é dáiríre.

## 3. Cóiríocht a lorg

- **Amharc ar an maoin ar dtús**, agus ná híoc agus ná sínigh aon rud riamh sula dtugann tú cuairt ar an maoin.
- **Seiceáil an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an mhaoin** na caighdeáin íosta, á sheiceáil go bhfuil uisce te agus fuar, téamh agus fearais shábháilte aici.
- **Bí san airdeall ar chamscéimeanna** agus ná híoc aon airgead riamh gan an mhaoin a fheiceáil.

## 4. Nuair atá áit aimsithe agat

- **Bain úsáid as ár Seicliosta le haghaidh Tionóntacht a Thosú** chun do thionóntacht a bhunú chun go n-éireoidh léi agus chun aon fhadhbanna níos déanaí a sheachaint.
- **Sínigh comhaontú tionóntachta i scríbhinn:** bain úsáid as ár gcomhaontú tionóntachta samplach (níl an comhaontú tionóntachta samplach sin oiriúnach do thionóntachtaí i gcás cóiríocht atá sonrach do mhic léinn).

- **Íoc éarlais** agus faigh admháil. Seachain airgead tirim a úsáid i gcás gur féidir.
- **Seiceáil an bhfuil nó nach bhfuil an tionóntacht cláraithe ag an tiarna talún:** is féidir leat cuardach a dhéanamh ar chlár poiblí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe nó ar chlár na cóiríochta atá sonrach do mhic léinn de chuid an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe.
- **Déan tuarascáil fardail** le grianghraif dhátaithe de na míreanna atá sa taobh istigh den mhaoin agus den riocht atá orthu sin.

## 5. Rialacha speisialta le haghaidh cóiríocht atá sonrach do mhic léinn

- Ní fhéadfar a iarraidh ort níos mó ná cíos míosa a íoc roimh ré chun an tionóntacht a fháil (ach amháin má tá tú ag íoc táillí teagaisc leis an aon soláthraí amháin agus má aontaíonn do thiarna talún leis sin). Tá sé sin de bhreis ar an méid éarlaise.
- Níor cheart do shocrú tionóntachta nó ceadúnais a bheith níos faide ná 41 seachtain ar fad, mura n-iarrann tú tréimhse níos faide.
- Féadfaidh tú deireadh a chur le tionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn idir an 1 Bealtaine agus an 1 Deireadh Fómhair ar aon chúis trí fhógra 28 lá a thabhairt. Lasmuigh de na dátaí sin, tá feidhm ag na rialacha atá ann cheana maidir le deireadh a chur le tionóntacht téarma shocraithe.

## 6. Cónaí i do chóiríocht ar cíos

Tá cearta dlíthiúla agat agus tá freagrachtaí dlíthiúla ort.

**Do chearta:**

- Teach sábháilte a bhfuil fóntais bhunúsacha agus fearais atá ag obair aige.
- Áitíocht shíochánta agus eisiach, rud a fhágann nach mór do do thiarna talún cead a fháil uait chun dul isteach sa mhaoin, ach amháin i gcás éigeandála.
- Faisnéis faoi conas a socraíodh do chíos.
- Fógra cuí má tá do thionóntacht ag teacht chun deiridh.

**Do fhreagrachtaí:**

- An cíos a íoc in am.
- An mhaoin a choinneáil in ordú maith, agus deisiúcháin a thuairisciú de réir mar is gá.
- Rochtain réasúnach a cheadú nuair a thugtar fógra.
- Gan an mhaoin a fholigean ná a shannadh gan chead. Ní cheadaítear foligean i dtionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn.
- Gan páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta agus gan an iompraíocht sin a cheadú.

**Leideanna eile chun fadhbanna a sheachaint**

- Más le hairgead tirim atá tú ag íoc cíosa, seol teachtaireacht deimhniúcháin ina dhiaidh sin.
- Seiceáil na rialacha tí maidir le caitheamh tobac, le rothar a choinneáil nó le déileáil le haraidí.
- Seiceáil cé atá freagrach as billí fóntais a íoc.
- Coinnigh cóipeanna d’aon chomhfhreagras le do thiarna talún i gcónaí.

## 7. Deireadh a chur leis an tionóntacht

Ní mór do thiarnaí talún agus do thionóntaí fógra i scríbhinn a thabhairt chun deireadh a chur le tionóntacht.

Tabhair cuairt ar rtb.ie chun foghlaim faoi na tréimhsí fógra cearta agus faoi conas fógra a thabhairt i gceart.

**D’éarlais a chosaint**

Ní fhéadfaidh tiarnaí talún asbhaintí a dhéanamh ó d’éarlais ach amháin i leith cíos neamhíoctha, damáiste is mó ná gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt, billí fóntais neamhíoctha nó fógra neamh-leordhóthanach.

Ba cheart d’éarlais iomlán nó an t-iarmhéid a bheith faighte agat tamaillín tar éis bogadh amach.

## 8. Má théann rudaí amú

**Réiteach díospóidí**

Bain triail as labhairt le do thiarna talún ar dtús.

Mura dtagtar ar réiteach, déan teagmháil leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe le haghaidh díospóid a réiteach.

**Tiarna talún a thuairisciú as na rialacha a bhriseadh**

Féadfaidh tú tiarna talún a thuairisciú don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe as na nithe seo a leanas:

- Gan an tionóntacht a chlárú.
- An dlí cíosa a bhriseadh.

### An dteastaíonn tuilleadh cabhrach uait?

Is cuma cé acu atá tú ag fáil maoin ar cíos den chéad uair riamh nó ag athnuachan do léasa, tá an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe anseo chun cabhrú le mic léinn maoin a fháil ar cíos go sábháilte agus go muiníneach.

Tabhair cuairt ar rtb.ie le haghaidh faisnéis iomlán faoi na topaicí uile atá pléite anseo agus le haghaidh seicliostaí, litreacha samplacha agus míniúcháin físeáin.

